

AN BÁC SIDHE

ATHAIR MHICILÍN AG BAINT SGADÁIN.

Bhí m'athair ina stócach san am agus bhí col ceathaireacha dó ar an mbaile. Trathnóna casadh le chéile iad agus dubhairt sé leob bheith aniar san oidche agus go rachaidis a' rómhar na traighta ag baint sgadáin –sgadáin gainimhe.

Nuair a d'airigh seisean an tráigh a bheith ann thóg sé leis láidhe agus soitheach agus chuaidh aniar le cladach a ceapadh go mbeadh siadsan roimhe ag an tráigh. Nuair a bhí sé aniar ní fhaca sé aon duine roimhe ar an traigh ach an ghaise ba goire dhó –an Gaise Bheag an bealach a mbíonn siad a dhul isteach go Fíod Inis – bhfacthas dó go raibh sí lán de mhuinntir an bhaile agus iad ag baint sgadáin iad ag cainnt agus ag fogairt ar a chéile agus ag bualadh le sluasaidí ar na sgadáin.

Nuair a chuaidh sé chomh fada leis an nGaise ní raibh aon duine ann roimhe na spreabb bainnte ann ach bhí an tiomáint ceadna ar bun ar Árd Tráigh Carraig an Iolraigh, taobh istigh den Gaise Bheag. Nuair a chuaidh sé go dtí Árdthráigh Charraig an Iolarigh ní raibh aon duine ann roimhe ná spreab bainnte ann ach bhí an ghleó céadna ar siubhal ar Árdthráigh Bhartly Mharcuis taobh istigh dhe sin aríst. Nuair a chuaidh sé isteach ar Árdthráigh Bhartly Mharcuis ní raibh aon duine le feiceáil aige ná aon bhlas den tráigh rómhruighthe roimhe . Ach an béiceadh ceadna ar siubhal istigh ar Thráigh Dubhainín.

Níor fhéad sé a dhul amach thar Árdthráigh Bhartly Mharcuis agus chas sé siar ar chúl Charraig Mhicil Uí Chaola atá idir an dá thráigh. Nuair a ghabh sé siar ar thráigh Dhubhainín ní raibh aon bhlas le feiceáil aige ann ach bhí an gleó agus an tiomáint céadna ar bun i Árdthráigh Poll na Seantaine. Ghabh sé amach ar Árdthráigh Poll na Seantaine agus bhí sé in aice le baile arís ní raibh idir é féin agus an baile ach gaire. Ní raibh duine le feiceáil aige a Árdthráigh Poll na Seantaine agus thosuigh sé féin a' rómhar go mbaineadh sé roinnt sgadáin. Nuair a thosuigh sé d'airigh sé na sgeana dá dtarraingt faoi na cosa. Bhail sgrannadh é agus rith sé.

Nuair a bhí an Ghaise caithte aige chuaidh an bád siar an Ghaise – ní raibh snámh do bhád ar bith ann – bhí cheithre bhuillí uirthi agus neart gaire innte nuair a bhí amadán déanta dhe acab i gcaitheamh na hoidhche bhí torann na gceithre bhuille uirthi ní fhaca sé fear a bith uirthi ach cuala sé na gháirthe. Tháinig sé abhaile. Ní raibh ann ach gur bhain sé an baile amach beannacht Dé le n-a anam bhí sé dá rádh liom-sa. Bád sidh a bhí ann.

8/3/32.